



Cairde na scoile

Nuachtlitir

23ú Meitheamh 2015

Go raibh míle maith agaibh!

A thuismitheoirí, a chairde,

Agus muid ag druidim le deireadh na scoilbhliana reatha, ba mhaith le Cairde na Scoile buíochas ó chroí a ghabháil libh as bhur dtacaíocht dos na himeachtaí go léir i mbliana. Bhí aon cheann déag i gceist san iomlán, an Dioscó Oíche Shamhna, Tráth na gCeist, Cártaí Nollag, Féilire Scoile, Bailiú Éadaí, Oíche na nOchtóidí, Rith Spraoi, Lá na nGeansaithe agus an tSiúlóid ina measc. D'éirigh linn €16,000 san iomlán a chruinniú don scoil. Go raibh míle, míle maith agaibh.

Buíochas as bhur dtacaíocht dos na himeachtaí deireannacha. Tháinig €628.48 ó Lá na nGeansaithe, beagnach €1000 ón Siúlóid agus €457.25 ón mbailiúchán éadaí deireannach! Thanks too for your support for our last few fundraising events of the year.

Ár mbuíochas le lucht ghnó áitiúil ,an-chuid tuismitheoirí ina measc, a thug urraíocht, duaiseanna agus tacaíocht do na himeachtaí éagsúla go mór mhór Tráth na gCeist agus Oíche na nOchtóidí. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le Séamus, Linda agus an fhoireann go léir as a gcuid tacaíochta go léir i rith na bliana.

Cabhraíonn an t-airgead ó na himeachtaí seo le hacmhainní breise a chur ar fáil do pháistí na scoile. Chabhraigh an t-airgead i mbliana le iPadannaí a cheannach agus an spás timpeall ar an raon reatha a chríochnú i gceart. Iarraimid oraibh leanúint ar aghaidh leis an dtacaíocht iontach seo ar son páistí na scoile!

Mar fhocal scoir, guímis gach rath ar dhaltáí Rang 6 agus iad ag tógáil an chéad chéim eile ina saol oideachasúil. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le tuismitheoirí rang 6 as agcuid tacaíochta thar na blianta, seo an bhliain deireannach do chuid acu. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an Searmanas Fágála!

Go raibh míle, míle maith agaibh go léir, bíodh samhradh séimh suaimhneach agaibh agus feicimis a chéile i Mí Meán Fómhair.

Grace Cappock
Cathaoirleach,
Cairde na Scoile